Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15231/23**

**ESPACE 83**
**CFSP/PESC 1511**
**CSDP/PSDC 762**
**TRANS 491**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | *Ullmhúchán don Chomhairle Iomaíochais (an Margadh Inmheánach, an Tionsclaíocht, an Taighde agus an Spás)) an 7 - 8 Nollaig 2023*<br>Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le 'Bainistiú an spástráchta: staid na himeartha'<br>*- Formheas* |

## I. RÉAMHRÁ

1. Ullmhaíodh na conclúidí ón gComhairle maidir le 'Bainistiú an spástráchta: staid na himeartha' i bhfianaise na Comhairle Iomaíochais a thionólfar an 8 Nollaig 2023. Meabhraítear sna conclúidí a phráinní atá sé cur chuige STM de chuid an Aontais a fhorbairt agus aithnítear a thábhachtaí atá sé reachtaíocht de chuid an Aontais a mholadh a bhaineann leis an spás, lena gcumhdófaí gnéithe sábháilteachta, slándála agus inbhuanaitheachta.

2. Chuir an Uachtaránacht na dréachtchonclúidí sin ón gComhairle ar aghaidh chun aird a tharraingt ar rannchuidiú suntasach an bhainistithe spástráchta le príomhthosaíochtaí polaitiúla an Aontais, lena n-áirítear an Comhaontú Glas don Eoraip agus Claochlú Digiteach an Aontais, chomh maith leis an rochtain neamhspleách, shlán agus chostéifeachtach atá ag an Eoraip ar an spás.

## II. STAID NA hIMEARTHA

3. Scrúdaigh an Mheitheal um an Spás na dréachtchonclúidí ón gComhairle ceithre huaire ón 3 Iúil 2023.

4. Is ionann an téacs a chuirtear i láthair san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Nóta seo agus an téacs a scaipeadh i ndiaidh an chruinnithe dheireanaigh a bhí ag an Meitheal um an Spás maidir leis an ábhar sin in 13656/23 REV1, téacs nár thug na toscaireachtaí aon tuairimí ina leith. Pacáiste cothrom é, ar an iomlán, a d'fhéadfadh an Chomhairle a fhormheas.

## III. CONCLÚID

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an téacs comhréitigh, a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Nóta seo, a dhearbhú agus na dréachtchonclúidí a thíolacadh chun go bhformheasfaidh an Chomhairle (Iomaíochas) iad ag an seisiún a bheidh aici an 8 Nollaig 2023.

**IARSCRÍBHINN**

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le 'Bainistiú an spástráchta: staid na himeartha'**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS

Á MHEABHRÚ DI

A. na Conclúidí ón gComhairle maidir le 'treoshuíomhanna i ndáil leis an rannchuidiú Eorpach chun prionsabail lárnacha a bhunú don gheilleagar domhanda spáis' an 11 Samhain 2020[1], ina n-aithnítear an gá atá le cur chuige comhordaithe Eorpach méadaithe maidir le bainistiú an spástráchta;

B. na conclúidí ón gComhairle maidir le 'Spás Nua do Dhaoine' an 21 Bealtaine 2021[2], inar cuireadh i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé cur chuige i leith bainistiú tráchta spáis (STM) a fhorbairt don Eoraip amach anseo agus caighdeáin dhomhanda a threorú;

C. na conclúidí ón gComhairle an 26 Samhain 2021 maidir le 'Spás do Chách'[3] agus an Tuarascáil ón Uachtaránacht maidir le bainistiú spástráchta[4], ina n-aithnítear a thábhachtaí atá comhpháirt Fheasacht Staide an Spáis (SSA) de Chlár Spáis an Aontais, lena n-áirítear Faireachas agus Rianú Spáis (SST), maidir leis an mbonneagar spáis atá ann cheana a chosaint, agus ina gcuirtear i bhfios go láidir an gá atá le leanúint leis an bplé maidir le Bainistiú Spástráchta ar an leibhéal teicniúil, dlíthiúil agus polaitiúil agus gur gá gníomhaíocht a dhéanamh maidir leis an méid sin;

---

1 12851/20.
2 8956/21.
3 14307/21.
4 13407/21 + COR1.

D. an Teachtaireacht Chomhpháirteach an 15 Feabhra 2022[5] ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála dar teideal 'Cur Chuige AE i leith Bainistiú Spástráchta – Rannchuidiú de chuid an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán domhanda', ina moltar plean mionsonraithe chun cur chuige STM de chuid an Aontais a fhorbairt;

E. na conclúidí ón gComhairle an 10 Meitheamh 2022[6] maidir le 'cur chuige an Aontais i leith bainistiú spástráchta', ina n-aithnítear na dúshláin straitéiseacha, iomaíochais agus nuálaíochta a bhaineann le STM;

F. an Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le 'Straitéis Spáis an Aontais le haghaidh na slándála agus na cosanta' (SSSD) an 10 Márta 2023, lena n-aithnítear an spás mar réimse straitéiseach don tslándáil agus don chosaint agus lena moltar gníomhaíochtaí sonracha chun feabhas a chur ar fhreagairt an Aontais ar bhagairtí spáis sa spás agus ón Domhan, iompraíochtaí freagracha sa spás a chur chun cinn, athléimneacht bhonneagair spáis an Aontais a fheabhsú, cumais spáis a fhorbairt chun tacú le Slándáil agus Cosaint agus comhpháirtíochtaí a chothú;

G. conclúidí ón gComhairle an 23 Bealtaine 2023[7] maidir le 'úsáid chóir inbhuanaithe an spáis', inar moladh don Choimisiún oibríochtaí spáis sábháilte, slána agus inbhuanaithe a áirithiú agus ina n-iarrtar ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a ndícheall a dhéanamh rialacha agus treoirlínte a chur chun feidhme ar fud an domhain a bhféadfadh úsáid chothrom, shábháilte agus inbhuanaithe an spáis a bheith mar thoradh orthu;

1. AITHNÍONN SÍ a phráinní atá sé cur chuige STM de chuid an Aontais a fhorbairt, lena gcuirfear le sábháilteacht, inbhuanaitheacht agus slándáil spáis; agus IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn tosaigh a rinneadh maidir leis na príomhlínte gníomhaíochta a shainítear sa Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála dar teideal 'Cur Chuige AE i leith Bainistiú Spástráchta – Rannchuidiú de chuid an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán domhanda';

---

[5] 6321/22.
[6] 10071/22.
[7] 9675/23.

2. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le 'Straitéis Spáis an Aontais le haghaidh na Slándála agus na Cosanta'; TUGANN SÍ DÁ hAIRE go moltar sa teachtaireacht sin treoirthionscadal lena bhféachfaí ar shineirgí le fo-chomhpháirt SST an Aontais den Chlár Spáis chun seirbhísí tosaigh Feasachta ar Réimse an Spáis (SDA) a sholáthar chun tacú le freagairt an Aontais ar bhagairtí spáis; CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil SDA fós faoi rialú na mBallstát;

3. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé ceanglais shibhialta agus mhíleata STM a chur san áireamh, lena n-áiritheofar go dtabharfar aird chuí ar ghnéithe cosanta agus slándála; MOLANN SÍ don Choimisiún agus don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), le tacaíocht ón nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC), agus i gcomhar leis na Ballstáit, oibriú i dtreo an chuspóra sin laistigh de shásra geallsealbhóirí STM atá bunaithe, chun a ráthú go gcuirfear riachtanais na ngníomhaithe Eorpacha uile san áireamh le cur chuige STM de chuid an Aontais, agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé cineál sibhialta, cuspóirí polaitiúla agus rialachas chláir spáis an Aontais a chaomhnú;

4. AITHNÍONN SÍ na sainiúlachtaí a bhaineann le réimsí eile a bhíonn ag idirghníomhú leis an gcianspás, go háirithe an t-aerspás, inar gá idirinoibritheacht agus comhordú a áirithiú maidir le hidirghníomhú na n-oibríochtaí spáis agus aeir;

5. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé neamhspleáchas straitéiseach na hEorpa a fheabhsú le córas SST an Aontais agus geilleagar oscailte á chaomhnú ag an am céanna; TACAÍONN SÍ le gníomhaíochtaí Chomhpháirtíocht SST an Aontais, lena gcuirtear anailís ilroinnte, anailís athiontrála agus seirbhísí seachanta imbhuailtí ar fáil trí Dheasc Tosaigh SST an Aontais, a ghlac Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh don Chlár Spáis gan uaim ó mhí Iúil 2023 ar aghaidh; MOLANN SÍ go bhféachfaí ar ról na Gníomhaireachta maidir le STM, ag tógáil ar ghníomhaíochtaí Dheasc Thosaigh SST; IARRANN SÍ go bhforbrófaí gníomhaíochtaí le linn do sheirbhísí maolaithe agus feabhsúcháin smionagair spáis a bheith á n-ullmhú; IS DÍOL SÁSAIMH DI comhaltaí nua Chomhpháirtíocht SST an Aontais a bhfuil cumais agus sócmhainní náisiúnta breise acu; agus MOLANN SÍ do Bhallstáit eile machnamh a dhéanamh ar bhallraíocht a ghlacadh;

6. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart don Aontas agus dá Bhallstáit leanúint d'fheabhas breise a chur ar a gcumais oibríochtúla SST, trí fhorbairtí náisiúnta agus trí Chomhpháirtíocht SST an Aontais agus, ar an gcaoi sin, feabhas a chur ar sheirbhísí an Aontais; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a ábhartha atá gníomhaíochtaí thionscal na hEorpa maidir leis an líonra braiteoirí a bharrfheabhsú, seirbhísí SST an Aontais atá ann cheana a fheabhsú, lena n-áirítear catalóg Eorpach na réad fithiseach a imscaradh agus teicneolaíochtaí nua a úsáid; agus i ndáil leis an méid sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI an taighde ar bhraiteoirí nuálacha tráchtála SST agus a bhforbairt, agus forbairt seirbhísí agus sonraí nua poiblí agus tráchtála;

7. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na sineirgí idir an Ciste Eorpach Cosanta, Clár Spáis an Aontais agus Fís Eorpach a uasmhéadú trína sásraí pleanála straitéisí agus tosaíochtaí agus cuspóirí an chláir a choinneáil ag an am céanna; MOLANN SÍ tús áite a thabhairt do chur chuige teicneolaíochta dé-úsáide, i gcás inarb iomchuí agus inarb indéanta, sa Chiste Eorpach Cosanta agus i gClár Spáis an Aontais agus rannchuidiú ar an mbealach sin le STM agus le cuspóirí SSSD;

8. Aithníonn sí ról na Gníomhaireachta Eorpaí Spáis (GES) go háirithe i dtaighde agus forbairt a mhéid a bhaineann le haimsir sa spás, le réada gar don domhan, le maolú ar smionagar spáis, agus feabhsú ar smionagar spáis, agus a thábhachtaí atá sé róil agus cúraimí comhfhreagracha an Aontais, na mBallstát agus GES a urramú agus dúbailt neamhriachtanach iarrachtaí a sheachaint á n-urramú ag an am céanna;

9. AITHNÍONN SÍ gur gá, agus tionscnaimh a bhaineann le STM á ndéanamh, gan iomaíochas domhanda thionscal spáis na hEorpa ina iomláine a chur i mbaol ach, ina ionad sin, é a chothú, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, FBManna, cuideachtaí meánchaipitlithe agus oll-chomhtháthairí córas; MOLANN SÍ go gcothófaí idirphlé leis an éiceachóras Eorpach sa tionscal spáis mar phríomhgheallsealbhóir in éabhlóid STM, go háirithe trí Fhóram Tionscail agus Gnólachtaí Nuathionscanta an Aontais Eorpaigh maidir le Bainistiú Spástráchta; agus MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh seasamh láidir comhpháirteach nó comhordaithe ag an Aontas sna fóraim idirnáisiúnta chun earnáil láidir athléimneach Eorpach sa tionscal spáis a bhaint amach;

10. IS DÍOL SÁSAIMH DI an ról atá ag an gCoimisiún maidir le tacú leis na Ballstáit iarrachtaí náisiúnta a chomhordú d'fhonn gnéithe rialála STM an Aontais a chóineasú chun cuidiú le hilroinnt an mhargaidh inmheánaigh a sheachaint; AITHNÍONN SÍ an obair atá déanta ag geallsealbhóirí STM maidir le caighdeáin agus treoirlínte nua a fhorbairt agus a chur chun cinn ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta; agus MOLANN SÍ don Choimisiún, tar éis dul i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, bearta dreasachta a mholadh chun glacadh ionstraimí nach bhfuil ceangailteach ó thaobh dlí agus a fhorbraítear ar an leibhéal náisiúnta nó idirnáisiúnta a spreagadh, ar ionstraimí iad ar cheart go gcuideodh siad le hiomaíochas thionscal spáis na hEorpa a chothú;

11. MOLANN SÍ don Choimisiún oibriú i gcomhar leis na Ballstáit agus i ndlúth-idirphlé le SEGS chun sábháilteacht, slándáil agus inbhuanaitheacht gníomhaíochtaí spáis san Aontas a fheabhsú; agus AITHNÍONN SÍ an tionscnamh chun reachtaíocht de chuid an Aontais a mholadh a bhaineann leis an spás, lena gcumhdófaí gnéithe sábháilteachta, slándála agus inbhuanaitheachta, a bhunófaí ar mheasúnú tionchair agus ar chomhairliúchán leis na geallsealbhóirí, lena n-áiritheofaí cóir chomhionann agus cothrom iomaíochta do thionscal uile na hEorpa, lena n-urramófaí inniúlachtaí náisiúnta agus prionsabal na coimhdeachta agus lena gcuirfí san áireamh riachtanais shonracha na slándála agus na cosanta i gcás inarb ábhartha;

12. ÁITÍONN SÍ ar an gCoimisiún torthaí na hanailíse ar ghnéithe dlíthiúla agus impleachtaí an dearbhaithe ón Aontas a bhaineann le glacadh leis na cearta agus na hoibleagáidí faoi Chonarthaí agus Coinbhinsiúin ábhartha na Náisiún Aontaithe maidir leis an gCianspás a thíolacadh agus, i gcás inarb iomchuí, togra a ullmhú maidir leis an ábhar sin a luaithe is féidir; agus MOLANN SÍ do SEGS agus don Choimisiún leanúint de chomhroinnt idirnáisiúnta ualaigh a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán domhanda STM trí rannchuidiú réigiúnach, ag plé go háirithe leis na Stáit Aontaithe faoi chuimsiú Idirphlé AE-SAM maidir leis an Spás agus le tríú tíortha eile trí chomhar déthaobhach agus iltaobhach;

13. MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá sé cur chun feidhme an 21 treoirlíne dheonacha maidir le hInbhuanaitheacht Fhadtéarmach na nGníomhaíochtaí sa Chianspás a spreagadh; agus MOLANN SÍ do na Ballstáit cur chun feidhme na dtreoirlínte sin a chur chun cinn nó treoirlínte nua a fhorbairt de réir mar is iomchuí faoi chuimsiú COPUOS;

14. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS rannchuidiú suntasach STM le príomhthosaíochtaí polaitiúla an Aontais, lena n-áirítear an Comhaontú Glas don Eoraip, Claochlú Digiteach an Aontais, neamhspleáchas teicneolaíoch an Aontais, rochtain neamhspleách shlán chostéifeachtúil na hEorpa ar an spás, úsáid shábháilte inbhuanaithe an spáis, agus slándáil agus athléimneacht; MEABHRAÍTEAR DI gur sainaithníodh sa Chompás Straitéiseach gur réimse atá faoi chonspóid é an cianspás; agus AITHNÍONN SÍ go bhfuil ár ngeilleagair, ár sochaithe agus ár ngníomhaithe poiblí ag brath níos mó agus níos mó ar bhonneagair agus seirbhísí spáis, agus gur príomhchumasóir don tslándáil agus don chosaint é an spás, agus CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé úsáid agus taiscéalaíocht shábháilte shíochánta inbhuanaithe na timpeallachta spáis a chaomhnú don ghlúin seo agus do na glúine atá le teacht.